# Slí

EAGRÁN 3- MÁRTA 2022

## BEANNACHTAÍ NA CÁSCA

***'Is Nuachtlitir arlíne é 'Slí' ag cur síos ar agus ag tuairisciú ar chúrsaí ar díol-spéise iad d'áitrítheoirí na nOileán thimpeall ár gcósta.***

**San Eagrán seo:**

- **Aitheasc Chomhdháil Oileáin na hÉireann chuig Comhchoiste Oireachtais um Chosaint Shóisialach, Forbairt Pobail, Tuaithe agus na hOileáin**
- **Maoiniú CLÁR**
- **Ciste Athghiniúina agus Forbartha Tuaithe**
- **Fóram d'Óige Chomhdháil Oileáin na hÉireann**
- **Suirbhé Tithíochta d'Oileáin na hÉireann**



*Comhar na nOileán serving the communities of the Islands, the Gaeltacht and Peripheral Communities.*

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Funded by the Department of Rural & Community Development
Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future

***Stop an Traein go léim agus níor thosaigh sé arís, a dúirt an Teachta Éamon Ó Cuív TD ar an 2 Márta ag an bplé ar "Ár dTodhchaí Tuaithe – Forbairt Tuaithe ar ár bPobail Oileáin" Comhchoiste Oireachtais um Chosaint Shóisialach, Forbairt Pobail, Tuaithe agus na hOileáin.***

Tar éis aitheasc a thug Aisling Moran, Cathaoirleach Chomhdháil Oileáin na hÉireann, ina gcuireann sí síos ar na staitisticí uafásacha daonra don Chomhchoiste Oireachtais inar ndeachaigh daonra na nOileán ó 34,219 in 1841 go 2,627 in 2016. Níor tháinig laghdú chomh mór sin ar phobal ar bith eile sa tír mar atá léirithe sa bpolasaí doiciméad '*Ár dTodhchaí Tuaithe*'. Níl feabhas tagtha ar na figiúirí seo, agus tá roinnt oileán tar éis bogadh níos gaire d'imeall na h-áille. Tá gá le tacaíocht práinneach agus leanúnach ón rialtas chun inmharthanacht fhadtéarmach ár n-oileán amach ón gcósta a chinntiú.
Lean Aisling agus a comhleacaí sa gComhdháil, John Walsh ó Bere Island agus Simon Murray ó Inis Bó Finne ar aghaidh agus dhírigh siad ar cheithre réimse a bhfuil imní ar leith ag baint leo do na hOileáin. Sin Tithíocht, Nascacht, Bonneagar, Seirbhísí Riachtanacha Saoil, Maoiniú Caipitil agus Fuinneamh.

Dúirt an Teachta Ó Cuív go raibh uafás air faoin easpa dul chun cinn le 12 bhliain anuas. Ó 2000 go 2010 mar shampla, caitheadh 128m ar bhonneagar ar na hoileáin. Níl ach 12m caite sa 11 bhliain ó shin. In aitheasc Aisling Moran don choiste rinne sí cur síos ar cheist na Tithíochta ar na hOileáin mar seo a leanas.

**Tithíocht**

Tá tionchar díreach ag an gcomhthéacs sóisialta ar staid na tithíochta ar na hoileáin. Cuireann dlíthe nua pleanála srian ar oileánaigh teach a thógáil ar a n-oileán féin. Tá méadú tagtha ar úinéireacht tithe dara láimhe in Éirinn: is é an t-éileamh seo atá ag cur praghas na dtithe suas chomh h-ard nach bhfuil sé in acmhainn ag oileánaigh iad a cheannacht níos mó. Tá suíomhanna ar na hoileáin teoranta. Ní mór d'oileánaigh mar sin a bheith in ann tithe a thógáil nó a cheannach ar a n-oileán féin. Níl na roghanna céanna ag oileánaigh ó thaobh tithíochta dhe agus atá ag daoine ar an mórthír.

Is ceist phráinneach í staid na tithíochta ar na hoileáin. Is réimse é nach bhfuil mórán taighde déanta go dtí seo. Tá Coláiste na hOllscoile, Corcaigh fostaithe faoi láthair chun suirbhé cuimsitheach tithíochta a dhéanamh ar na hoileáin. Beidh tuarascáil le moltaí tithíochta do na hoileáin mar thoradh ar thorthaí an tsuirbhé seo. Is é an phríomhthéama a bheidh ag CCB Comhdháil Oileáin na hÉireann i mí Mheán an Fhómhair 2022 ná tithíocht agus beidh torthaí na tuarascála seo ar fáil. Tá Comhdháil Oileáin na hÉireann dóchasach go mbeidh ionchur ag an tuarascáil i bPlean 10 mBliana '*Ár dTodhchaí Tuaithe*' agus aon bhearta maidir leis na hoileáin a bheidh leagtha amach.

Agus é ag tabhairt aghaidh ar an gceist seo, chuir an Teachta Ó Cuív na ceisteanna seo a leanas ar an gcoiste.

1. Ar cheart go mbreathnófaí ar gach duine a chónaíonn go buan ar Oileán agus nach bhfuil teach acu, mar dhuine a bhfuil riachtanas tithíochta acu ó thaobh cead pleanála dhe, ar an oileán ina bhfuil cónaí orthu?
2. Ar cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar údaráis áitiúla cóiríocht a thabhairt d'iarratasóirí ar oileán i dtithe údaráis áitiúil ar na hOileáin seachas iad a chur ar liosta ar an mórthír in aghaidh a dtolladh?
3. An dteastaíonn scéimeanna inacmhainne tithíochta uainn ar na hoileáin?

**Ceangailt Theicneolaíocht**

Pointe eile a d'ardaigh Comhdháil ná Ceangailt Theicneolaíochta.

Ar cheann de phríomhthorthaí na paindéime COVID-19 teastaíonn ó dhaoine, agus caithfidh siad uaireanta, oibriú ón mbaile. Tá ré nua cianoibre ag dul i méid in Éirinn cheana féin agus measann Comhdháil Oileáin na hÉireann gur deis mhór é seo cónaitheoirí nua a mhealladh chuig na hoileáin. Chun é seo a dhéanamh, ní hamháin go bhfuil dóthain tithíochta de dhíth orainn ach freisin go bhfuil córas iontaofa, ardluais leathanbhanda i bhfeidhm.

Tá leathanbhanda ag tarlú ach go mall, tá leathanbhanda 30MB geallta ach is í an cheist do na hOileáin ná nach sonraíonn sé cábla snáthoptaice chuig na hoileáin. Níl sé seo inghlactha go háirithe mar go mb'fhéidir nach mbeidh an 30MB dóthanach sa todhchaí agus beimid ar ais arís ag impí ar na húdaráis. Is é an freagra ná go gcaithfidh Rannóg na nOileán seasamh isteach sa mbearna seo mar nach bhfuil aon dualgas faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, snáithín a chur isteach i ngach oileán.

**Bonneagar, Seirbhísí Riachtanacha Saoil agus Maoiniú Caipitil**

Maoiníonn Clár Buiséid Chaipitil na nOileán tionscadail bhonneagair, seirbhísí riachtanacha agus oibreacha caipitil. De réir "*Ár dTodhchaí Tuaithe*": "Déanfaidh an Rialtas infheistíocht i mbonneagar riachtanach ar na hoileáin thar shaolré an bheartais seo, chun rochtain shábháilte a chinntiú d'oileánaigh, do sholáthróirí seirbhíse agus do chuairteoirí araon." Ní bhaineann bonneagair amháin le rochtain shábháilte; baineann sé le saol laethúil na n-oileánach agus le hinbhuanaitheacht a n-oileán amach anseo.
Ba mhaith leis an gComhdháil buiséad comhsheasmhach a fheiceáil a d'fhéadfadh freastal ar riachtanais na n-oileán amach ón gcósta, ag obair i gcomhar leis an gcoiste idir-rannach, idirghníomhaireacht na nOileán agus údaráis áitiúla.

Ach, mar a dúirt an Teachta Ó Cuív níl Sé seo ag tarlú. Ba é an moladh a thug sé don Chomhchoiste Oireachtais go bhfuil bealach an-éifeachtach le déileáil le heasnaimh Chaipitil ar na hOileáin agus is é sin go mbeadh cistí caipitil rannóg na nOileán suntasach agus go mbeadh saoirse ag an Aire maidir leis an gciste sin nuair a thagann sé go dtí seirbhísí riachtanacha m.sh mar chábla Snáithíneach, córais séarachais, soláthar uisce, naisc nua leictreachais, teileachumarsáid, áiseanna sláinte, céanna, bóithre agus aon rud eile a thagann aníos.

B'é an moladh a bhí aige ná, nuair a bhíonn infheistíocht chaipitil ó Roinn Stáit i gceist ina mbeadh anailís chuimsitheach costais/sochair i gceist a mhaolóidh go nádúrtha i gcoinne na nOileán, go ndéanfaí an ciste a mheaitseáil, nó go ndéanann Rannóg na nOileán aon easnamh a thiocfadh chun cinn a chúiteamh nuair atá an caiteachas sa bhreis ar chostas an tionscadail céanna ar an mórthír.
Sháródh sé seo ceisteanna costais/sochair. Sampla de seo ná má tá ceangal uisce ag teastáil ó 1000 teach mar shampla i mbaile mórthír, agus go bhfuil an bonneagar céanna ag teastáil ó oileán, is léir go mbeidh an bua ag an 1000 teach ar an mórthír agus beidh an tOileán ag dul go bun an liosta ach dá bhféadfadh rannóg na nOileán sa Roinn maoiniú a mheaitseáil le Ranna eile, rud a thabharfadh cothromas isteach sa scéal.

Sampla maith de seo ná an tIonad Sláinte ar Inis Oírr ina bhfuil dhá árasán féinfhreastail d'altraí agus dochtúirí locum. Rinne Rannóg na nOileán páirtmhaoiniú ar an tógáil le FSS ag an am. Ní mór an tsaoirse a bheith ag Rannóg na nOileán tacaíocht a thabhairt d'aon easnamh sa mhaoiniú ó Ranna eile nuair atá droch-impléacht ag anailís costais/sochair do chaiteachas ar thionscadail ar na hoileáin.

**Fuinneamh**

Dár le Comhdháil Oileáin na hÉireann tá Fuinneamh Inbhuanaithe rí-thábhachtach don tír ar fad agus tá fonn ar na hoileáin a bheith chun tosaigh sna forbairtí nua seo. Tá na hoileáin ag obair cheana féin ag an leibhéal Eorpach trí Rúnaíocht Oileáin Ghlan an AE. Tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tá acmhainn ann do na hoileáin amach ón gcósta oibriú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Fáiltíodh roimh scéim náisiúnta iarfheistithe tithe an SEAI le déanaí, ach ní thógtar san áireamh go bhfuil costaisí níos airde ar na hoileáin d'oibreacha agus na riachtanais atá ar chonraitheoirí. Chuideodh promhadh oileáin le tuiscint na castachtaí seo.
Bheadh sé dóchasach go bhféadfaimis réiteach a fháil ar an méid sin trí rannpháirtíocht an choiste idir-rannach agus na nAirí. Is ionaid tástála iontacha iad na hoileáin do thionscadail phíolótacha fuinnimh.
Tá súil le cruinniú leis an Aire Ryan agus iarrfar na huasteorannacha ar chúnamh deontais a bheith níos airde do na hOileáin, go n-ardófaí an céatadán den deontas i gcabhair agus nach mbeadh ar chonraitheoirí oileánda láimhdeachas de 1m in aghaidh na bliana a thaispeáint le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh chun obair a dhéanamh.

Ní liosta cuimsitheach ar chor ar bith iad na pointí seo a cuireadh béim orthu don Chomhchoiste. Fáiltíonn Comhdháil roimh leathnú ar an bplé chun polasaithe a chuimsiú maidir le sláinte, oideachas, talmhaíocht, cúrsaí mara, rochtain, cúram leanaí, fiontar agus fostaíocht, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, bainistíocht dramhaíola, turasóireacht, an óige agus daoine scothaosta.

Aithnímid go bhfuil deiseanna iontacha le baint amach trí oibriú le chéile. Tuigeann Comhdháil Oileáin na hÉireann go bhfuil an obair ar dhoiciméad polasaí na n-oileán lárnach dár dTodhchaí Tuaithe. Tá Comhdháil ag iarraidh go gcuirfí dréacht-leagan den doiciméad seo faoi bhráid Phobal na nOileán le haghaidh athbhreithniú sula bhfoilseofar é.

Ba mhaith le Comhdháil Oileáin na hÉireann aitheantas a thabhairt freisin don tábhacht a bhaineann leis an gCoiste Idir-Rannach sa phróiseas le doiciméad Beartas na nOileán a scríobh agus le *'Ár dTodhchaí Tuaithe'* a chur i gcrích.

# Maoiniú CLÁR



**Sheol an tAire Humphreys Ciste €7 Milliún chun áiseanna pobail agus áiseanna caithimh aimsire a fhorbairt i gceantair thuaithe agus tá an-áthas orainn go bhfuil beart sonrach CLÁR tugtha isteach ag an Aire chun tacú le pobail na nOileán don chéad uair.**

- ***Oscailte d'iarrataisí do CLÁR 2022***
- ***Dírithe ar áiseanna a fhorbairt i gceantair thuaithe***
- ***Deontais suas le €50k ar fáil do raon leathan tionscadal lena n-áirítear Clubanna Óige, Pionnúir Liathróid Láimhe, Giomanna Pobail, Cosáin Siúlóide & eile***

Is iad na bearta atá á maoiniú faoi CLÁR 2022 ná:

- Beart 1: Áiseanna Pobail a Fhorbairt (thríd na Comhairlí Contaethe)

DATAÍ TÁBHACHTACH

**Corcaigh spriocdháta d'Iarrataisí 25 Márta @ 16:00**

**Maigh Eo spriocdháta d'Iarratasí 29 Márta @ 17:00** – (*tabhair faoi deara seo iarratas ar Líne)*

**Dún na nGall spriocdháta d'Iarratasí 5 Aibreán @ 12:00 meán lae**

**Gaillimh spriocdháta d'Iarratasí 20 Aibreán @ 00:00 meán oíche**

- Beart 2: Soghluaisteacht, Cúram Ailse agus Iompar Céadfhreagróirí Pobail (díreach chuig DRCD)
- Beart 3: Ár nOileáin (díreach chuig DRCD)

**<u>Beart 3 "Ár nOileáin"- (Nua)</u>**

Tá *'Ár dTodhchaí Tuaithe'* tiomanta d'fhorbairt bonneagair ríthábhachtach a chur chun cinn dár bpobail oileánda. Tá sé mar uaillmhian ag an mbeartas seo a chinntiú go leanann ár n-oileáin ag tacú le pobail inbhuanaithe agus bríomhara, go gcuirtear feabhas ar nascacht, agus go mbeidh deis ag cuairteoirí taithí agus léirthuiscint a fháil ar an saibhreas uathúil cultúir, oidhreachta agus comhshaoil atá ar fáil ar na hoileáin. Cuirfidh an Beart seo maoiniú ar fáil do thionscadail a bhaineann go sonrach le hOileáin.

(i) **Iompar Poiblí ar na hOileáin** – Beidh suas le 90% de chostas iomlán bus/feithicil pobail ach an pointe luchtaithe leictreach a bheith á thiomáint ag painéil ghréine PV. Uasmhéid deontas de €100,000 ar fáil d'fheithicil, ag méadú go €120,000 do bhus ina bhfuil painéal gréine agus pointe luchtaithe san áireamh, iarratas amháin ar a mhéad in aghaidh an Oileáin. I gcás feithicle peitril/díosail (feistiú san áireamh), ceadófar maoiniú suas le 80% den chostas iomlán.

(ii) **Áiseanna Caitheamh Aimsire Pobail lasmuigh ar na hOileán** - Beidh suas le 90% de chostas iomlán Áiseanna Caitheamh Aimsire Pobail lasmuigh – binsí, boird/áiteanna picnice, leithris – uasmhéid deontas de €50,000. Caithfidh gach áis agus áis phobail nuafhorbartha a mhaoinítear faoin gclár a bheith oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá sonraí iomláine na scéime foilsithe ar [www.gov.ie/drcd](www.gov.ie/drcd).



# Ciste Athghiniúína agus Forbartha Tuaithe

**Tá gealltanas de €1 billiún tugtha ag an rialtas do Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe le hinfheistíocht a dhéanamh i gceantar tuaithe na hÉireann thar an tréimhse 2019 go 2027.**

Is féidir leis an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe tionscadail a mhaoiniú lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do):

- bonneagar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le tithíocht lár an bhaile agus/nó forbairtí tráchtála
- bearta chun dul i ngleic le foirgintí folamh lena n-áirítear athchóiriú foirgneamh, athfhorbairt agus/nó an áit a leagan go talamh
- bonneagar áiseanna pobail nó poiblí a fhorbairt lena n-áirítear feabhsúcháin ar bhóithre, ar dhroichid agus ar áiseanna páirceála
- bonneagar a fheabhsaíonn nascacht teileachumarsáide
- tionscadail a thacaíonn le cruthú post, le fiontraíocht agus le nuálaíocht i gceantair thuaithe (mar shampla: Mol Digiteach, Moil Fiontraíochta, Moil Chruthaitheacha nó áiseanna oiliúna a fhorbairt)
- feabhsú na hoidhreachta agus/nó sócmhainní pobail eile lena n-áirítear soláthar/feabhsú áiseanna áineasa nó fóillíochta.

Tá deiseanna anseo do na hOileáin do thionscadail athnuachana ar scála mór atá réidh le tosú.

Tá sé mar aidhm aige fás geilleagrach a bhrú chun cinn, dul i ngleic le tréigean agus saol nua a thabhairt isteach sna sráidbhailte agus fócas láidir ar sheanfhoirgnimh a thiontú ina moil cianoibre, ina leabharlanna, ina spásanna r-fhoghlama, cultúrtha, fiontraíochta, óige agus pobail.

Tá Comhar na nOileán sásta cabhrú le haon ghrúpa ar na hOileáin atá ag iarraidh féachaint an bhféadfaí cur isteach ar an gciste. Fógraítear na glaonna gach bliain agus caithfidh tú a bheith réidh le tosú mar sin molaimid do phobail an phleanáil a bheith déanta acu, an phleanáil gnó a bheith déanta, agus an tacaíocht a bheith faighte ó ghníomhaireachtaí eile. Tá féidearthacht agus pleanáil gnó riachtanach mar go bhfuil an próiseas iarratais an-iomaíoch agus déantar anailís dhian ar an 'Costais is Tairbhe' le linn na measúnaithe.

Tógfaidh sé suas le bliain nó níos mó ullmhú d'iarratas agus beidh caiteachas i gceist leis sin.

Mar sin féin, is anseo a d'fhéadfaí teacht ar chúnamh deontais ón gClár LEADER le haghaidh Anailíse agus Forbartha.

Táimid sásta suí síos le grúpa ar bith agus cúnamh agus comhairle a thabhairt maidir le plean a chur i bhfeidhm.

www.gov.ie/drcd



*'Bleibíní le haghaidh beacha' ar Inis Oírr ghainimheach*

# Fóram d'Óige na nOileán



*Club Óige Inis Oírr.*

Le tamall anuas tá muid ag obair chun iarracht a dhéanamh Fóram Óige a bhunú do na hOileáin. Tá Meabhrán Tuisceana sínithe againn le Foróige agus táimid cleamhnaithe leis an ngrúpa anois.

Cad a chiallaíonn sé seo d'óige ar na hoileáin? Ciallaíonn sé gur féidir le Fóram Óige na nOileán;

1) **Leas a bhaint as Foróige maidir le rannpháirtíocht daoine óga i struchtúir rannpháirtíochta óige ar fud na tíre**
2) **Leas a bhaint as acmhainní oibre agus deá-chleachtas Foróige**
3) **Oiliúint agus cláir rochtana Foróige dár bhfoireann agus dár n-oibrithe deonacha maidir le Cosaint Leanaí, Oideachas, Comhionannas agus Cuimsiú, Cláir Óige agus Sláinte na nÓg.**
4) **Comhairle agus treoir a fháil ar cheisteanna don aos óg a thagann chun cinn inár ngrúpaí óige agus inár struchtúir rannpháirtíochta.**
5) **Go ndéantar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar bhaill foirne agus oibrithe deonacha atá i mbun obair óige le Foróige trí Foróige**
6) **Deis a bheith ag daoine óga ar na hoileáin a bheith rannpháirteach in imeachtaí náisiúnta agus réigiúnacha Foróige**
7) **Nascacht níos fearr ar líne agus go pearsanta a chruthú do dhaoine óga fud-fad Oileáin na hÉireann.**
8) **Líonrú agus comhoibriú trí Foróige le daoine óga eile ar fud na nOileán agus ar fud na tíre.**

**Tacaíocht Foróige**

Cuirfidh Foróige tacaíocht ar fáil ó bhall foirne a bheidh mar phríomhphointe teagmhála i ngach comhimeachtaí. Mar chuid den obair leanúnach tabharfaidh an fhoireann cúnamh d'fhoireann agus d'oibrithe deonacha Chomhdháil Oileáin na hÉireann imeachtaí agus cláir a eagrú. Soláthróidh nó éascóidh an fhoireann rochtain ar fhorbairt struchtúir rannpháirtíochta, oiliúint, próiseáil oibrithe deonacha, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, rochtain ar chláir, naisc chuig deiseanna VR agus seirbhís chomhairleoireachta ar réiteach fadhbanna srl.

Bhí an chéad chruinniú an-torthúil ó síníodh an comhaontú an 24 Feabhra 2022 agus is é seo seoladh na comhpháirtíochta.

Chuir Príomhfheidhmeannach Foróige fáilte roimh Chomhdháil Oileáin na hÉireann chuig an gcomhpháirtíocht agus ghabh sé buíochas as dul i dteagmháil leo. Tá siad an-sásta leis an bhforbairt agus is féidir leo go leor tionscnamh maith a fheiceáil ag éirí as an gcomhpháirtíocht.

Bhí siad thar a bheith sásta Chloe Ní Mháille a bhfuil an Clár Ceannaireachta déanta aice agus a bhfuil baint fhada aici le Foróige.

Phléamar an bealach is fearr le dul ar aghaidh agus aontaíodh gur bealach maith é chun tús a chur leis an gcomhpháirtíocht an Clár Ceannaireachta a eagrú chun go mbeadh tionchar mór aige sin ar chumasú an óige agus daoine eile a mhealladh.

**Céard é an Clár Ceannaireachta Óige?**

Cuireann an clár spreagúil seo ar chumas daoine óga idir 15-18 mbliana d'aois na scileanna agus na cáilíochtaí a fhorbairt atá riachtanach le bheith ina gceannairí inspioráideacha. Tá sé de chumhacht ag daoine óga athrú dearfach a dhéanamh ina bpobal trí ghníomhaíochtaí praiticiúla agus trí thionscadail.

Níl aon dabht ach go bhfuil réimse leathan scileanna ag teastáil ó dhaoine óga chun cabhrú

leo a bheith rathúil i saol an lae inniu. Léiríonn a lán taighde go bhfuil meas ag fostóirí ar scileanna mar seo.

**Aidhm & Torthaí**

Cuireann an clár ar chumas daoine óga:

- **A gcuid láidreachtaí a aithint**
- **Fís cheannaireachta a fhorbairt**
- **A stíl cheannaireachta a thuiscint**
- **Dúshláin agus deacrachtaí na ceannaireachta a fhiosrú**
- **Scileanna soiléire cumarsáide a fhorbairt**
- **Saincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda a fhiosrú**
- **Bheith in ann reiteach a fháil ar fhadhbanna**
- **Scileanna smaointeoireachta criticiúla mar chuid de ghrúpa**
- **Spriocanna agus fís dá dtodhchaí a shainaithint agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt**
- **Tionscadal a thabhairt chun críche**

Léirigh na torthaí gur léirigh na daoine óga a chríochnaigh a rinne clár mar seo tréithe an-dearfacha. I gcomparáid leo siúd nach ndearna a leithid de chúrsa, bhí said níos éifeachtaí maidir le:

- **Spriocanna**
- **Ionbhá**
- **Smaointeoireacht chriticiúil**
- **Scileanna cumarsáide**
- **Obair foirne**
- **Réiteach fadhbanna**
- **Scileanna Ceannaireachta**
- **Rannpháirtíocht an Phobail**
- **Athléimneacht**
- **Tacaíocht do dhaoine eile**
- **Tacaíocht Shóisialta**
- **Tacaíocht mhothúchánach**

Thríd an gclár ceannaireachta dírítear ar shealbhú na scileanna seo. Forbraítear cáilíochtaí na cumarsáide, obair fóirne, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna agus féinfheasacht i dtimpeallacht spraíúil spreagúil. Is é an modh ná ‘foghlaim trí dhéanamh’. Le linn seisiúin bíonn daoine óga gníomhach i ngníomhaíochtaí grúpa, ach cuirtear am ar leataobh freisin le haghaidh obair aonair agus machnamh.

Mar chuid de mhodúl 2 agus de mhodúl 3 tá tionscadail phraiticiúla i gceist. Is deiseanna iad seo chun na scileanna a fuarthas sa chlár a léiriú. Le linn a dtionscadal, spreagtar daoine óga féachaint ar a bpobal agus ar an tsochaí i gcoitinne.

Nuair a bheidh na trí mhodúl go léir den chlár Ceannaireacht críochnaithe beidh rannpháirtithe i dteideal céim a bhaint amach le Bonnteastas i gCeannaireacht don Aos Óg agus obair pobail, a bhronnann Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Is deis uathúil í seo do rannpháirtithe aitheantas Ollscoile a bhaint amcha, sula ndéanann siad fiú smaoineamh ar dhul go dtí an tríú leibhéal.

Leis an gcáilíocht seo, léireofar d’fhostóirí ionchasacha go bhfuil tiomantas léirithe ag rannpháirtithe dá n-acmhainneacht forbartha agus ceannaireachta féin.

Is éacht iontach é seo a bheith in ann a chur san áireamh i CV nó foirm iarratais.



# Suirbhé ar Thithíocht

UCC University College Cork, Ireland Coláiste na hOllscoile Corcaigh | School of Applied Social Studies

Tá suirbhé uile-oileáin á dhéanamh ag Comhdháil Oileáin na hÉireann, mar a luadh cheana i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi an suirbhé ionas gur féidir linn tosú ag déileáil leis na saincheisteanna iomadúla a bhaineann le Tithíocht.
Tá suirbhé cainníochtúil i gceist leis an taighde chun tuairimí agus riachtanais chónaitheoirí na n-oileán ar chúinsí tithíochta reatha a dteaghlach, agus ar riachtanais tithíochta amach anseo, a fháil amach. Tá sé mar aidhm 500 suirbhé ar a laghad a bhailiú ó oileáin na hÉireann. Beidh trí phríomhchuid sa mhodheolaíocht:

1. Fóraim pobail le muintir na n-oileán chun ceisteanna an tsuirbhé a chur le chéile.

3. Anailís chainníochtúil ar shonraí an tsuirbhé.

Cloífidh an taighde leis na cóid ábhartha eitice, cosanta sonraí agus rúndachta. Oibreoidh an fhoireann taighde i gcomhar le Comhar na nOileán. Déanfar an taighde thar thréimhse sé mhí, ó mhí Feabhra go mí Iúil 2022.

## Sonraí Teagmhála


**Máire Uí Mhaoláin**
POF /CEO, Inis Oírr 099-75096 maire@oileain.ie

**Marian Uí Chonghaile**
Riarthóir Airgeadais / Financial Administrator, Inis Oírr 099-75096 marian@oileain.ie

**Máirín Ní Chonghaile**
Riarthóir Oifige / Office Administrator, Inis Oírr 099-75096 mairin@oileain.ie

**Mary Lavelle**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inishbofin 099-75096 ext 101 mary@oileain.ie

**Joe Ó Curraoin**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inis Oírr/Na Forbacha 099-75096 ext 100 joe@oileain.ie

**Jude Gilbert**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Iarthar Chorcaí 099-75096 ext 105 jude@oileain.ie

**Conor MacThaidhg**
Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 conor@oileain.ie

**Dáithí Ó Briain**
**Riarthóir Tograí/Project Administrator 099 75096 daithi@oileain.ie**



Foilsithe ag / Published by Comhar na nOileán CTR. Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 099 75096
Comhar na nOileán CTR is a Limited Company incorporated under the Companies Act 1963 to 2006 No 448764